



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

AN SCÉIM UM LEITHDHÁILEADH TITHÍOCHTA

I gcomhréir le hAlt 22 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 agus na Rialacháin um Leithdháileadh Tithíochta Sóisialta, 2011 (I.R. Uimh. 198 de 2011) arna leasú.

Cruinniú Iomlánach Comhairle, Bealtaine 2024

Le héifeacht ón 20 Bealtaine 2024

1 Réamhrá

- 1.1** I gCuid 2 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 arna leasú le hAcht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 (dá ngairtear “an tAcht” anseo feasta), leagtar amach feidhmeanna na n-údarás tithíochta. I gCaibidil 3 de Chuid 2 den Acht agus na Rialacháin um Leithdháileadh Tithíochta Sóisialta, 2011 agus na Rialacháin um Leithdháileadh Tithíochta Sóisialta (Leasú), 2016 (dá ngairtear “na Rialacháin” anseo feasta), leagtar amach an creat dlíthiúil le haghaidh leithdháileadh teaghaisí ag údaráis tithíochta.
- 1.2** Leis an Scéim Leithdháilte seo, (dá ngairtear “an Scéim” anseo feasta) leagtar amach na tosaíochtaí agus na nósanna imeachta chun teaghaisí a leithdháileadh lena mbaineann alt 22 den “Acht”, mar a chomhaontaigh na Comhaltaí Tofa den Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Aithnítear leis an Scéim go bhfuil gá le cothromaíocht a bhaint amach maidir le leithdháileadh teaghaisí idir riachtanais agus roghanna na n-iarraitasóirí, folláine na dtionóntaí atá ann agus an pobal ina iomláine, agus an gá le húsáid is fearr a bhaint as stoc tithíochta na comhairle agus as acmhainní arna maoiniú go poiblí.
- 1.3** Agus í ag comhlíonadh a feidhmeanna tithíochta, tá dualgas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe (dá ngairtear “an chomhairle” anseo feasta) aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:
- (a) cur i gcoinne leithscaradh míchuí i dtithíocht idir daoine as cúlaí sóisialta éagsúla, agus
 - (b) a chinntiú go bhfuil meascán de chineálacha agus de mhéideanna teaghaisí agus de chineálacha tionachta curtha ar fáil chun teacht le riachtanais na dteaghlach le réasún.
- 1.4** Tá an Scéim seo ailínithe freisin leis na pleananna agus na straitéisí tithíochta ábhartha go léir. Is é is aidhm don Scéim na cuspóirí atá i Straitéis Tithíochta na Comhairle a chur chun cinn agus ina measc seo a leanas:-
- (a) Tús Áite don Tithíocht,
 - (b) An Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine,
 - (c) An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil,
 - (d) An Plean Straitéiseach chun Áit Chónaithe a Chur Ar Fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas,
 - (e) Sláintecare – Mo Bhaile MHCIS (Meabhairshláinte, Imeascadh Pobail & Tacaíocht) – Meabhairshláinte, Cúram Sóisialta & Tithíochta a Imeascadh i bPobal Áitiúil,
 - (f) An Straitéis um Chothú Tionóntachta.
 - (g) An Straitéis um Bainistíocht Eastáit.
 - (h) Straitéis Iompar Frithshóisialta
 - (i) Scéim Teanga Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
 - (j) Tionónta in Situ (Trasteorann san áireamh) – iarraitasóirí ag a bhfuil fógraí bailí foircinn (NTQ)
 - (k) Aon tionscadail nó aon tionscnaimh a measann an chomhairle, dá rogha féin, gur stuama an rud é cóiríocht a thabhairt dóibh.
- 1.5** Comhlíonfaidh an Chomhairle freisin aon teoracha beartais ginearálta agus tabharfaidh sí aird ar aon treoirínte nó teoracha a eiseoidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chuig údaráis tithíochta maidir le feidhmíocht a bhfeidhmeanna faoi

Achtanna na dTithe, 1966 go 2014.

- 1.6 Féadfaidh an Chomhairle, ó am go chéile, athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim seo agus, de réir mar a mheasfaidh sí is cuí agus is ábhartha, an Scéim a leasú nó Scéim Leithdháilte nua a dhéanamh.
- 1.7 Is le hOrdú ón bPríomh-Fheidhmeannach a leithdháilfear teaghaisí i gcomhréir leis an scéim leithdháilte seo

2. Scóip

- 2.1 Beidh feidhm ag an Scéim seo maidir le leithdháileadh na dteaghaisí seo a leanas amháin:

- (a) teaghaisí a soláthraíodh faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 atá faoi úinéireacht na comhairle,
- (b) teaghaisí nach leis an gcomhairle iad ach atá faoi sheilbh na comhairle faoi chonradh nó faoi léas idir an chomhairle agus an t-úinéir lena mbaineann, lena n-áirítear cóiríocht ar cíós comhaontuithe infhaighteachta, comhaontuithe léasa agus
- (c) teaghaisí ar le comhlachtaí ceadaithe iad, agus atá á soláthar acu, dá dtugtar cúnamh faoi alt 6 d'Acht 1992 chun críocha foráil den sórt sin.
- (d) Teaghaisí dá bhforáiltear faoi scéimeanna SCC agus MTR
- (e) Teaghaisí faoi bhreithniú lena gceannach faoi Thionónta in Situ.

- 2.2 Is é cuspóir na Scéime seo ná cinneadh a dhéanamh ar ord na tosaíochta a thabharfar agus a chuirfear chun feidhme i leithdháileadh teaghaisí orthu seo a leanas:

- (a) teaghlaigh nó aicmí áirithe teaghlach a measadh faoi alt 20 den Acht a bheith cáilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta, agus
- (b) teaghlaigh a fhaigheann tacaíocht tithíochta sóisialta agus a rinne iarratas chuig an gcomhairle aistriú chuig teaghais eile nó teaghais a cheannach faoi Chuid 3 den Acht agus tá aistriú nó ceannach den sórt sin comhaontaithe ag an gcomhairle.

- 2.3 Déantar foráil sa Scéim do chion de na teaghaisí in aon chuid nó in aon chodanna de limistéar feidhme na comhairle le coinneáil maidir le gach ceann nó le haon cheann de na críocha seo a leanas:

- (a) leithdháileadh ar aicme áirithe teaghlaigh;
- (b) leithdháileadh ar chineálacha áirithe tionachta;
- (c) leithdháileadh ar theaghlaigh a aistríonn ó chineálacha eile tacaíochta tithíochta sóisialta.

- 2.4 Leagtar amach sa Scéim freisin na ceanglais agus na nósanna imeachta le haghaidh aistrithe, lena n-áirítear tionóntaí i dteaghaisí dá bhforáiltear faoi na tionscnaimh um Léasú ar Thithíocht Shóisialta, iad siúd ar a bhfreastalaítear faoi ÍCT, comharbas ar thionóntachtaí agus an scéim laghdaithe méide do dhaoine scothaosta ar mian leo bogadh ó theaghais thearcáitithe go teaghais eile.

3. Ginearálta

- 3.1 **Aois:** Ní mór d'iarratasóir a dhéanann iarratas ar leithdháileadh teaghaise faoin Scéim seo 18 mbliana d'aois a shlánú ar dháta aon leithdháilte nó roimhe agus ní mór dóibh

ceart dlíthiúil a bheith acu a bheith ina gcónaí sa Stát.

Incháilitheacht: Ní mór do theaghlaigh na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh mar atá leagtha amach in Achtanna na dTithe, 1966 go 2014, na Rialacháin agus na Rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta, 2011, na Rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta (Leasú), 2011, na Rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta (Uimh. 2) (Leasú), 2011, arna leasú leis na Rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta (Leasú), 2016.

3.2 Iarratas agus Faisnéis Bhreise: Ní mór d'iarratasóir-theaghlaigh an Fhoirm Iarratais fhorordaithe a chuireann an Chomhairle ar fáil a chomhlánú go hiomlán agus ní mór dóibh, laistigh de 4 seachtaine ón tráth a iarrann an chomhairle orthu déanamh amhlaidh, aon fhaisnéis bhreise a chur isteach, lena n-áirítear doiciméid agus aon phointí eile, a fhéadfaidh an chomhairle a iarraidh le réasún chun faisnéis a bhaineann lena n-iarratas a dhearbhu. Arna iarraidh sin, le haghaidh cúiseanna ráite, féadfaidh an chomhairle síneadh na tréimhse 4 seachtaine sin a chomhaontú.

3.3 Athrú ar imthosca: Sa chás, tar éis iarratas a dhéanamh, go mbeidh athrú tagtha ar imthosca an iarratasóra (e.g. athrú ar sheoladh, breith linbh, athrú ar imthosca leighis, athrú ar líon na ndaoine a bhfuil ina gcónaí leis an iarratasóir nó le bheith ina gcónaí leo, etc.), is é an teaghlach atá freagrach as aon athrú den sórt sin a chur in iúl don chomhairle. Déanfaidh an chomhairle athbhreithniú ar iarratas an teaghlaigh tar éis aon fhógra den sórt sin.

3.5. Sonraí Pearsanta: Ceanglaítear le Gach Foirm Iarratais (lena n-áirítear iarratais aistrithe, iarratais chomharbais agus iarratas ar chead cónaithe) ar iarratasóirí údarás scríofa a thabhairt lena gcumasófar an chomhairle rochtain a fháil ar fhaisnéis nó í a fháil faisnéis atá faoi sheilbh údarais tithíochta eile, comhlachtaí ceadaithe tithíochta, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Gharda Síochána, atá, i dtuairim na comhairle, ábhartha d'iarratas an iarratasóra. Próiseálann an chomhairle faisnéis phearsanta a fuarthas i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla maidir le cosaint sonraí.

3.6 Limistéir Rogha: Maidir le teaghlaigh a chuireann isteach ar leithdháileadh teaghaise den chéad uair nó a chuireann isteach ar aistriú ó chineálacha eile tacaíochta tithíochta sóisialta, féadfaidh siad limistéir rogha a shonrú i limistéar Iarratais na comhairle. Ní rachaidh líon iomlán na limistéar rogha atá sonraithe ar an bhFoirm Iarratais thar thrí chinn. Féadfaidh teaghlach cáilithe cur in iúl don chomhairle gur mian leis athrú a dhéanamh ar limistéar rogha amháin nó ar níos mó ná sin san iarratas, faoi réir na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) ní fhéadfaidh an teaghlach limistéar rogha a athrú laistigh den tréimhse 12 mhí tar éis dó an limistéar rogha sin a chur in iúl don chomhairle,
- (b) sa chás go gcuirfidh teaghlach in iúl don chomhairle nach mian leis a bheith ina chónaí a thuilleadh i limistéar rogha a shonraigh sé roimhe seo, ní fhéadfaidh an teaghlach, laistigh den tréimhse 12 mhí tar éis fógra den sórt sin, a roghanna a athrú ionas go mbeidh an limistéar rogha sin sonraithe arís, agus
- (c) ní rachaidh líon iomlán na limistéar rogha atá sonraithe ag an teaghlach ag am ar bith thar thrí chinn.

3.7 Riachtanas Tithíochta: Tagraíonn riachtanas tithíochta do chaighdeán a úsáideann an chomhairle chun imthosca tithíochta teaghlaigh a mheas. Agus riachtanas tithíochta á chinneadh, tabharfaidh an chomhairle aird ar na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, maidir le cóiríocht reatha an teaghlaigh.

- a. cé acu is institiúid, cóiríocht éigeandála nó brú í,
- b. cé acu atá an teaghlach gan dídean de réir bhrí alt 2 d'Acht na dTithe, 1988
- c. cé acu atá sé róphlódaithe de réir bhrí alt 63 d'Acht 1966,
- d. cé chomh hoiriúnach atá sé mar áit chónaithe do dhaoine, ag féachaint do na nithe atá leagtha amach sa Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1966,
- e. sa mhéid go gcomhlíonann sí aon cheanglas cóiríochta a eascraíonn as buanlagú fisiceach, céadfach, meabhairshláinte nó intleachta atá ar dhuine den teaghlach

- f. cé acu atá an chóiríocht mí-oiriúnach do thithíocht leordhóthanach an teaghlaigh, ar fhorais eisceachtúla leighis nó atruacha,
- g. sa chás go gcomhroinntear í le teaghlach eile, cé acu atá riachtanas réasúnach le haghaidh cóiríocht ar leith ag an teaghlach a chuir isteach ar thacaíocht tithíochta sóisialta,
- h. cé acu a thángthas ar an gconclúid, faoin bPróiseas Réitigh um Riaráiste Morgáiste atá leagtha amach sa Chód Iompair um Riaráiste Morgáiste, 2013 a eisíodh faoi alt 117 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1989 (Uimh. 16 de 1989), go bhfuil an chóiríocht neamh-inbhuanaithe don mhorgáistí, agus
- i. sa chás go bhfuil íocaíocht an fhorlónaidh, i dtuairim an údaráis tithíochta, ag teastáil ón teaghlach faoi alt 198(3) d'Acht 2005, i leith an mhéid atá iníoctha ag an teaghlach maidir le cóiríocht reatha an teaghlaigh, agus
- j. cé acu atá an chóiríocht mí-oiriúnach do thithíocht leordhóthanach an teaghlaigh ar aon slí ábhartha eile, ag féachaint d'imthosca áirithe an teaghlaigh.
- k. Chun éascú i gcomhréir le hAlt 4 thíos

Ní mór do theaghlaigh an chomhairle a chur ar an eolas faoi aon athrú ar imthosca a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá n-incháilitheacht le haghaidh teaghaise chomh luath agus is féidir, ach tráth nach déanaí ná dhá seachtain díreach tar éis aon athraithe den sórt sin ar imthosca. Má theipeann ar theaghlach an chomhairle a chur ar an eolas faoin athrú den sórt sin ar imthosca, beidh aon tairiscint cóiríochta a rinne an chomhairle neamhbhaill agus tarraingeofar amach an tairiscint.

3.8 Cineál Teaghaise: Féadfaidh teaghlaigh an cineál réadmhaoine teaghaise atá ag teastáil a chur in iúl (e.g. riachtanais ghinearálta, curtha in oiriúint nó scáthchóiríocht), dearadh na teaghaise (e.g. teach, bungaló, árasán, láithreán stad, grúpthithíocht) agus líon na seomraí leapa ar mian leo go ndéanfar breithniú orthu ina leith. Ach ba cheart a thabhairt faoi deara go leithdháiltear teaghaisí chun teacht le méid an teaghlaigh. Déanfaidh an chomhairle cinneadh maidir le comhdhéanamh an teaghlaigh le haghaidh teaghais fholamh mar chuid den phróiseas leithdháilte chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr as an teaghais maidir le méid na teaghaise agus méid an teaghlaigh ionchasaigh ionas go gcinnteofar nach bhfuil teaghais tearcáitithe nó róphlódaithe. Dá réir sin,

- tairgtear 1 nó 2 theaghais leapa do dhuine aonair nó do lánúin,
- tairgtear 2 theaghais leapa do dhuine aonair nó do lánúin nó do thuismitheoir aonair nó do bheirt daoine fásta nach bhfuil cónaí orthu mar lánúin, e.g. tuismitheoir nó leanbh fásta: nó duine aonair agus cúramóir,
- tairgtear 3 theaghais leapa do lánúin nó do thuismitheoir aonair a bhfuil leanbh amháin nó beirt, triúr nó ceathrar leanaí acu ar an mbonn nach gceanglaítear ar leanaí den ghnéas eile agus ar dhaoine fásta den ghnéas eile nach bhfuil cónaí orthu mar lánúin, seomra leapa a chomhroinnt, nó ar aon triúr daoine fásta sa chás nach bhfuil cónaí ar aon duine acu mar lánúin,
- tairgtear 4 theaghais leapa do theaghlaigh ina bhfuil lánúin nó thuismitheoir aonair a bhfuil ceathrar, cúigear nó seisear leanaí acu ar an mbonn go bhfuil leanaí den ghnéas eile agus ar dhaoine fásta den ghnéas eile nach bhfuil cónaí orthu mar lánúin, nó aon cheathrar daoine fásta sa chás nach bhfuil cónaí ar bheirt acu mar lánúin,
- tairgtear 5+ teaghais leapa do theaghlaigh ina bhfuil lánúin nó tuismitheoir aonair ag a bhfuil seisear leanaí nó níos mó.
- Teaghlaigh scartha. Maidir le teaghlaigh scartha ina bhfuil cónaí ar thuismitheoir

amháin i dteaghais an Údaráis Áitiúil, sa chás go bhfuil rochtain ag an dara tuismitheoir ar a leanaí, tá an dara tuismitheoir cáilithe le haghaidh na catagóire leapa teaghlaigh sin lúide seomra leapa amháin. e.g. Tuismitheoir ag a bhfuil rochtain ar leanaí a bhfuil aonad 3 leapa ag teastáil uathu. Má tá rochtain iomlán acu, tá siad cáilithe le haghaidh aonad 3 leapa, Má rochtain chomhroinnte/deireadh seachtaine acu, tá siad cáilithe le haghaidh aonad 2 leapa.

- Comhroinnt seomraí leapa. Ba cheart comhroinnt seomraí leapa idir leanaí fásta comhghnéis agus siblí níos óige dá gcuid a sheachaint nuair is féidir. Anseo atá bearna aoise mhór. e.g. os cionn 10 mbliana d'aois agus faoi bhun 18 mbliana d'aois.

3.9 Ord tosaíochta le haghaidh leithdháiltí teaghaisí: Tabharfaidh an chomhairle tosaíocht réasúnach do ghrúpaí teaghlaigh áirithe agus teaghaisí á leithdháileadh. Tá na grúpaí teaghlaigh agus an t-ord tosaíochta a thabharfar do na grúpaí teaghlaigh mar seo a leanas:

- (a) daoine gan dídean mar a shonraítear in Alt 2 d'Acht na dTithe, 1988 agus teaghlaigh cheadaithe faoi Thionónta in Situ.
- (b) daoine a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht atá mí-oiriúnach mar áit chónaithe do dhaoine mar a shonraítear in Alt 66(2) d'Acht na dTithe, 1966, agus sa Dara Sceideal den Acht sin, nó, atá mí-oiriúnach dá dtithíocht leordhóthanach.
- (c) daoine i gcóiríocht, sa mhéid nach gcomhlíonann sí a riachtanais, a eascraíonn as buanlagú fisiceach, céadfach, meabhairshláinte nó intleachta atá ar dhuine den teaghlach.
- (d) daoine a dteastaíonn cóiríocht uathu ar fhorais eisceachtúla leighis nó ar fhorais atruacha.
- (e) daoine a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht róphlódaithe laistigh de bhrí Alt 63 d'Acht na dTithe, 1966.
- (f) cóiríocht a chomhroinnt go neamhdheonach le duine eile agus riachtanach réasúnta a bheith acu le haghaidh cóiríocht ar leith.
- (g) daoine nach bhfuil in ann le réasún, i dtuairim na comhairle, costas na cóiríochta a áitíonn siad a sheasamh nó cóiríocht oiriúnach mhalartach a fháil.
- (h) daoine nach n-áirítear in aon chatagóir áirithe eile thuas, a measadh agus a ceadaíodh le haghaidh tacaíochtaí tithíochta sóisialta.

Braithfidh an tosaíocht a gheobhaidh an t-iarratas go príomha ar an tosaíocht a thabharfar do gach grúpa teaghlaigh. Cuirtear teaghlaigh i ngrúpa amháin.

Cuirfidh an chomhairle Cáilíocht Chónaithe Ghaeltachta i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais Phlean Ceantair Áitiúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe, chun oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, lena n-áirítear cur chun cinn na Gaeilge mar theanga phobail.

Mar riail ghinearálta, agus i gcomhréir le Rialachán Uimh. 4(2) de na Rialacháin, cinnfear tosaíocht atá idir teaghlaigh atá laistigh den ghrúpa céanna le tagairt do dháta iontrála an teaghlaigh ar thaifead teaghlach cáilithe na comhairle. I leithdháileadh teaghaisí ina n-éilítear tosaíocht ar fhorais ina bhfuil, nó lena n-áirítear, forais eisceachtúla leighis, ceanglófar leis an gComhairle tuarascáil ó liachleachtóir atá fostaithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tráth an iarratais.

3.10 Tionóntaí SCC: Maidir le tionóntaí a d'aistrigh chuig SCC roimh thabhairt isteach na Rialachán an 1 Aibreán 2011, tabharfar creidiúint dóibh as an am atá acu ar thaifead na dteaghlach cáilithe ón dáta a ceadáíodh a n-iarratas tithíochta, sa chás go gcuireann siad isteach ar aistriú chuig cineál eile tacaíochta tithíochta sóisialta, agus go raibh siad ar thaifead na dteaghlach cáilithe ó cuireadh tús lena dtionóntacht SCC. Tabharfar leithdháiltí do thionóntaí den sórt sin i gcomhréir le hOrd na dTosaíochtaí de réir alt 9 thíos.

4. Teaghaisí le coinneáil siar in imthosca áirithe

4.1 Catagóirí Sonracha. Ainmneoidh an chomhairle, ó am go chéile, de réir mar a mheasann sí a bheith cuí, líon áirithe teaghaisí nó cion díobh a chuirfear ar fáil do leithdháileadh le haghaidh chóiríocht an mhéid seo a leanas:

- (i) Plean Gnómhafóchta um Easpa Dídine & Tionscnaimh um Easpa Dídine amhail;
 - a. Tús Áite don Tithíocht
 - b. Tionscnaimh um Easpa Dídine don Aos Óg (réadmhaoine a léasaítear ar cheadúnas le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta, beidh na háititheoirí ina gceadúnaithe)
 - c. Tionscadail Tithíochta Phobalbhunaithe (réadmhaoine a léasaítear ar cheadúnas le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta, beidh na háititheoirí ina gceadúnaithe)
 - d. Tithíocht Tacaíochta Mheántéarmach
 - e. Freagairt ar Aimsir Fhuar
 - f. Iarratasóirí faoi Thionónta in Situ.
- (ii) An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil,
- (iii) An Plean Straitéiseach chun Áit Chónaithe a Chur Ar Fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas,
- (iv) Sláintecare – Mo Bhaile MHCIS (Meabhairshláinte, Imeascadh Pobail & Tacaíocht) – Meabhairshláinte, Cúram Sóisialta & Tithíocht a Imeascadh sa Phobal Áitiúil,
- (v) Daoine Óga ag Fágáil Cúraim (larchúram/Tusla) agus cásanna cúraim Leanaí a mheasann Comhairle Chontae na Gaillimhe a bheith ina dtosaíocht i gcomhréir le Cosaint Leanaí Tusla agus seirbhísí Leasa
- (vi) Drochíde sa Teaghlach
- (vii) Daoine Scothaosta agus Cosaint
- (viii) Teaghlaigh/Iarratasóirí a ainmníodh le hObair Shóisialta agus a bhfuil riachtanas cóiríochta acu ar 'chúiseanna eisceachtúla' lasmuigh de na catagóirí a áirítear i nósanna imeachta leithdháilte caighdeánacha agus atá leagtha amach thuas, e.g. le haghaidh cásanna atá an-íogair agus leochaileach.
- (ix) Clár Athlonnaithe Dídeanaithe

- (x) SORAM agus scoil amach as an bPríosún
- (xi) Tionónta in Situ agus cliaint Trasteorann san áireamh – iarratasóirí ag a bhfuil Fógraí Foircinn bailí (NTQ)
- (xii) Aon tionscadail nó aon tionscnaimh a measann an Chomhairle, dá rogha féin, gur stuama an rud é cóiríocht a thabhairt dóibh.

Sa chás go gcuirfear líon áirithe teaghaisí nó cion díobh i leataobh nó go n-ainmneofar iad chun cur chun feidhme tionscadal nó tionscnamh a éascú, tabharfar tosaíocht do theaghlaigh incháilithe agus do thionscadail den sórt sin i leithdháileadh na dteaghaisí sin.

4.2 Aistrithe. Ainmneoidh an chomhairle, ó am go chéile, de réir mar a mheasann sí a bheith cuí, líon áirithe teaghaisí nó cion díobh le haghaidh leithdháileadh ar theaghlaigh a aistríonn ó chineálacha eile tacaíochta tithíochta sóisialta. Sa chás go gcuirfear líon áirithe teaghaisí nó cion díobh i leataobh nó go n-ainmneofar le haghaidh na catagóire teaghlach sin, tabharfar tosaíocht don chatagóir áirithe sin i leithdháileadh na dteaghaisí sin. Cinnfear ord na tosaíochta i gcomhréir le Coinníoll 9 thíos.

4.3 Scéimeanna Ceannaigh Incrimintigh etc. Ainmneoidh an chomhairle, ó am go chéile, de réir mar a mheasann sí a bheith cuí, líon áirithe teaghaisí nó cion díobh le haghaidh cineálacha áirithe tionachta, lena n-áirítear Scéimeanna Ceannaigh Incrimintigh ach gan a bheith teoranta dóibh. Cinnfear ord na tosaíochta do theaghlaigh sna catagóirí sin de réir fhad an ama atá an teaghlach ar thaifead na comhairle ar na teaghlaigh sin a chuir isteach ar cheannach teaghaise faoi Chuid 3 d'Acht 2009 agus a fuair toiliú ón gComhairle ceannach den sórt sin a dhéanamh.

4.4 Tionónta in Situ. Déanfaidh an chomhairle, ó am go chéile, de réir mar a mheasann sí a bheith cuí, breithniú ar cheannach agus leithdháileadh teaghaise faoi Thionónta in Situ. Tá feidhm aige sin sa chás go ndíolann an tiarna talún an teaghais agus go bhfuil an tionónta cáilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta agus tá sé mar aidhm aige cosc a chur leis an tionónta a bheith gan dídean. Tá feidhm aige freisin maidir le cliaint trasteorann in údaráis áitiúla eile a fhaigheann cóiríocht ar cíos i gContae na Gaillimhe faoi láthair. Tá an nós imeachta lena leithdháilfear réadmhaoin faoi Thionónta in Situ mar seo a leanas:

- (a) Tá an teaghais oiriúnach do riachtanais tithíochta an teaghlaigh.
- (b) Meastar an teaghais a bheith slán ó thaobh an struchtúir de agus i gcomhréir le pleanáil.
- (c) Faightear an teaghais i gcomhréir leis an gClár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta – Treoirínte maidir le Costas Éadála le haghaidh Tithíocht Shóisialta de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.
- (d) Is féidir an teaghais a éadail ar mhéid atá i gcomhréir le luacháil neamhspleách
- (e) Níl deisithe móra ag teastáil ón teaghais.
- (f) Is féidir leis an teaghlach fanacht sa réadmhaoin agus aon mhionobreacha á ndéanamh.

Faoi réir chomhlíonadh an nós imeachta atá sonraithe thuas, leithdháilfear tionóntacht na teaghaise ar an teaghlach, faoi réir comhaontú tionóntachta sínithe.

5. Nithe ar ar Tugadh Neamhaird

5.1 Tabharfaidh an chomhairle neamhaird ar an gcóiríocht a áitíonn teaghlach sa chás go bhfuil cúis ag an gcomhairle lena chreidiúint go ndearna an

teaghlach d'aon ghnó, nó gan cúis mhaith leordhóthanach, aon rud nó gur theip air aon rud a dhéanamh (seachas gníomh nó neamhghníomh de mheon macánta), agus mar thoradh air sin, nach bhfuil an teaghais a áitíonn an teaghlach chomh hoiriúnach do thithíocht leordhóthanach an teaghlaigh agus atá cóiríocht eile a bheadh réasúnta le háitiú ag an teaghlach, nó a d'fhéadfadh a bheith réasúnta le háitiú aige.

5.2 Sa chás go sonraíonn teaghlach limistéar rogha i limistéar iarratais an údaráis tithíochta nach bhfuil an teaghlach cáilithe dó maidir le tacaíocht tithíochta sóisialta, tabharfaidh an chomhairle neamhaird ar an limistéar rogha sin agus ní bheidh feidhm ag an tréimhse 12 mhí in alt 3.6 (a) thuas maidir leis an tsonraíocht ag an teaghlach i ndáil le limistéar rogha malartach ina áit.

5.3 Tabharfaidh an chomhairle neamhaird ar ord na tosaíochta atá tugtha do theaghlach faoin Scéim seo

- (a) sa chás go dtugtar tacaíocht tithíochta sóisialta i dteaghais a ligtear faoi chomhaontú infhaighteachta cóiríochta cíosa do theaghlach.
- (b) a eascraíonn as imthosca sonraithe eisceachtúla, lena n-áirítear díláithriú de bharr tine, tuile nó aon éigeandála eile, forbairt, athfhorbairt nó athghiniúint an cheantair ag an gcomhairle.
- (c) ar fhorais eisceachtúla leighis nó atruacha.
- (d) chun cur i gcoinne leithscaradh sóisialta.
- (e) sa chás gur mheas an chomhairle nárbh fhéidir riachtanais chóiríochta duine a chomhlíonadh go cuí ag an tráth sin trí mhaireachtáil neamhspleách.
- (f) d'iarthionóntaí a sháraigh téarmaí na tionóntachta a bhí ann roimhe seo leis an gcomhairle nó le haon údarás tithíochta eile nó le haon chomhlacht ceadaithe tithíochta nó tionóntacht a rinneadh de bhun na scéime cóiríochta cíosa nó na scéime íocaíochta cúnaimh tithíochta.
- (g) i gcásanna éigeandála.

6. Iarchur nó Diúltú Iarratas

6.1 D'ainneoin aon ní atá in Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 nó sa Scéim seo, féadfaidh an chomhairle i gcomhréir le forálacha Alt 14

(1) (b) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 (arna leasú), diúltú do leithdháileadh teaghaise nó leithdháileadh a iarchur, ar iarratasóir tithíochta sa chás:

- (a) go measann an chomhairle go bhfuil nó go raibh an t-iarratasóir i mbun iompar frithshóisialta laistigh de bhrí alt 1 (1) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 (arna leasú) nó nach mbeadh ligean leis an iarratasóir sin ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastáit, nó
- (b) go dteipeann ar an iarratasóir faisnéis a iarrann an chomhairle a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le daoine a bhfuil cónaí orthu nó le bheith cónaí orthu leis an iarratasóir agus a mheasann an chomhairle a bheith ábhartha maidir leis an leithdháileadh.

6.2 D'ainneoin aon ní atá i gCuid 3 d'Acht 2009, féadfaidh an chomhairle diúltú teaghais a dhíol le teaghlach incháilithe (faoi Chuid 3 d'Acht 2009) sa chás go measann an Chomhairle go bhfuil nó go raibh an teaghlach incháilithe nó aon duine den teaghlach incháilithe, de réir mar a bheidh, i mbun iompar frithshóisialta laistigh de bhrí alt 1(1) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 (arna leasú) nó go mbeadh díol leis an teaghlach incháilithe sin ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastáit.

Diúltóidh an Chomhairle iarratas ar thacaíocht tithíochta sóisialta a ghlacadh ó dhaoine a ghéill go deonach, laistigh den dá bhliain roimhe sin, tionóntacht Údaráis Áitiúil, Comhlachta Ceadaithe Tithíochta nó Scéime Cóiríochta Cíos a i gcomhréir le hAlt 20 (8) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha). 2009.

6.3 Ní leithdháilfidh an chomhairle teaghais ar theaghlach incháilithe sna cásanna

- (a) go ndearna duine den teaghlach damáiste do theaghais a chuir aon údarás tithíochta nó comhlacht ceadaithe tithíochta ar fáil agus nach ndearna siad an teaghais a dheisiú ná nár íoc siad as an gcostas ar an teaghais a dheisiú,
- (b) go raibh siad ina dtionónta roimhe sin i dteaghais a chuir údarás tithíochta, comhlacht ceadaithe tithíochta ar fáil nó i dteaghais a cuireadh ar fáil faoi SCC, ÍCT nó scéimeanna Léasúcháin Údaráis Áitiúil agus gur thaobhaigh siad riaráiste cíos ar thréimhse charntha 12 sheachtain nó níos mó in aon tréimhse 3 bliana mar thionónta den sórt sin, agus nár íocadh as na riaráistí sin, agus nach ndearna an duine den teaghlach socraíocht leis an údarás tithíochta maidir le hÍoc an airgid sin

mura mbeidh, agus go dtí go mbeidh, an costas atá ar dheisiú na teaghaise íochta leis an údarás tithíochta lena mbaineann nó mura ndéanfaidh, agus go dtí go ndéanfaidh, an duine den teaghlach socraíocht leis an údarás tithíochta lena mbaineann chun an t-airgead sin a íoc, de réir mar a bheidh.

6.4 Ní leithdháilfidh an chomhairle teaghais ar theaghlach inar sháraigh duine den teaghlach téarmaí an chomhaontaithe tionóntachta agus mar thoradh air sin fuair údarás tithíochta nó comhlacht ceadaithe ordú seilbhe le haghaidh na teaghaise.

6.5 Ní leithdháilfidh an chomhairle teaghais ar theaghlach a dhéanfaidh an méid seo a leanas:

- diúltú d'aon fhaisnéis a thabhairt a iarrann an chomhairle a theastaíonn le réasún chun an t-iarratas ar thithíocht a mheas nó chun críocha bainistíochta eastáit.
- diúltú do chead a thabhairt do shonraí pearsanta nó d'fhaisnéis a bhaineann leis an teaghlach ó ghníomhaireachtaí stáit a chur ar fáil sa chás go dteastaíonn na sonraí nó an fhaisnéis sin le réasún ón gcomhairle chun críocha bainistíochta eastáit.
- faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a chur ar fáil ar an bhfoirm iarratais nó le linn agallamh ina dhiaidh sin.

6.6 Déanfaidh an chomhairle bearta cuí a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí chun áitiú mídhleathach teaghaisí na comhairle a chosc. I gcás áitithe mídhleathaigh, déanfaidh an chomhairle na bearta riachtanacha go léir chun sealbh na teaghaise a aisghabháil. Ní leithdháilfidh an chomhairle teaghais ar theaghlach a áitíonn go mídhleathach teaghais atá cur ar fáil ag an gcomhairle nó aon chuid di, cé acu tá sé go leanúnach nó ar aon bhealach eile

- 6.7** Sa chás go bhfaigheann an chomhairle iarratas ar leithdháileadh teaghaise ó theaghlach a áitíonn go mídhleathach teaghais de chuid na comhairle, coigeartófar dáta an iarratais sin leis an tráth áitithe mhídhleathaigh agus ní bhreithneofar an t-iarratas go dtí go gcuirfear deireadh leis an áitiú mídhleathach.
- 6.8** Iarchuirfear an leithdháileadh cóiríochta ar theaghlach a d'áitigh go mídhleathach teaghais de chuid na comhairle go dtí go seachadfaidh an teaghlach sin sealbh folamh na teaghaise don chomhairle sa bhail chéanna mar a bhí ann roimh thús an áitithe mhídhleathaigh nó go n-íocfaidh sé leis an gcomhairle as aon damáiste a rinneadh don teaghais le linn thréimhse a n-áitithe mhídhleathaigh.
- 6.9** Déanfaidh an chomhairle athbhreithniú ar gach iarratas iarchurtha nuair a chuirfidh an t-iarratasóir teaghlaigh athrú ábhartha ar imthosca in iúl don chomhairle agus, i gcás ar bith, tráth nach déanaí ná dhá mhí dhéag tar éis an cinneadh le hathchur a dhéanamh.

7. Tairiscintí Tithíochta Sóisialta Diúltaithe ag Iarratasóirí

- 7.1** Sa chás go ndiúltaíonn teaghlach cáilithe do dhá thairiscint réasúnta leithdháilte teaghaisí éagsúla in aon tréimhse leanúnach bliain amháin dar tosach dáta an chéad diúltaithe, ní bhreithneoidh an chomhairle an teaghlach sin, ar feadh bliain amháin dar tosach dáta an dara diúltú, maidir le leithdháileadh teaghaise lena mbaineann alt 22 d'Acht 2009. Ní bheidh an dara tréimhse ináirithe ina dhiaidh sin ar aon slí chun tosaíocht choibhneasta an teaghlaigh sin le haghaidh leithdháileadh teaghaise a chinneadh.
- 7.2** Measfar tairiscint leithdháilte teaghaise a rinne an chomhairle a bheith réasúnta sa chás, i dtuairim na comhairle, go gcomhlíonann an teaghais a thairgtear riachtanais agus ceanglais chóiríochta an teaghlaigh agus go bhfuil an teaghais lonnaithe i limistéar rogha atá sonraithe ag an teaghlach. Is é an eisceacht amháin ná nuair a thairgeann an chomhairle teaghais a leithdháileadh ar theaghlach atá easáitithe de bharr tine, tuile nó éigeandáil eile, forbairt, athfhorbairt nó athghiniúint ceantair tithíochta, nó ar fhorais eisceachtúil leighis nó atruacha. In imthosca den sórt sin, níl ar an gcomhairle leithdháileadh a thairiscint don teaghlach in aon cheann dá limistéir rogha ionas go meastar an tairiscint a bheith réasúnta.
- 7.3** Má theipeann ar theaghlach tairiscint a fhreagairt laistigh de 7 lá oibre, tar éis bearta réasúnta a dhéanamh chun seiceáil an bhfuil an tairiscint faighte ag an teaghlach, measfar gur dhiúltaigh an teaghlach an tairiscint.
- 7.4** Déileálfaidh an chomhairle le diúltuithe do thairiscintí cóiríochta faoi SCC, ÍCT agus Léasú Fadtéarmach agus nó comhlachtaí ceadaithe tithíochta mar dhiúltú do chóiríocht.
- 7.5** Sa chás go ndiúltaíonn teaghlach incháilithe, a mheastar a bheith gan dídean

laistigh de bhrí Alt 2 d'Acht na dTithe, 1988, do thairiscint réasúnta teaghaise, lena n-áirítear tairiscint teaghaise le sochar na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta, a chomhlíonann riachtanais chóiríochta an teaghlaigh, ní fhéadfaidh an teaghlach a bheith i dteideal a bheith ar thaifead na dteaghlach cáilithe ar an mbonn go bhfuil sé gan dídean laistigh de bhrí Alt 2 d'Acht na dTithe, 1988. In imthosca den sórt sin, ní gá go bhfuil an tairiscint in aon cheann dá limistéir rogha ionas go meastar an tairiscint a bheith réasúnta. Ní bheidh diúltú ag teaghlach cáilithe d'aon tairiscint teaghaise nach bhfuil laistigh dá limistéir rogha ina dhiúltú faoi alt 7.1 thuas.

- 7.6** Is é an Stiúrthóir Seirbhíse, Tithíochta a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir le haon leithdháileadh teaghaise de bhun an údaráis a tharmligtear chuige le hOrdú ón bPríomh-Fheidhmeannach nó le haon duine eile a tharmligtear amhlaidh. Agus an cinneadh sin á dhéanamh aige, tabharfaidh an Stiúrthóir Seirbhíse, Tithíochta, nó aon duine eile a tharmligtear amhlaidh, aird don fhaisnéis ar fad a thug an teaghlach mar thaca lena iarratas mar aon leis an bhfaisnéis eile ar fad atá ábhartha leis is eol don Stiúrthóir Seirbhíse Tithíochta nó d'aon duine eile a tharmligtear amhlaidh lena n-áirítear tréimhse feithimh an teaghlaigh ar thaifead tacaíochta tithíochta sóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le teaghlaigh cháilithe nó liosta feithimh aistrithe, limistéar/limistéir rogha ráite, méid an teaghlaigh agus cineál teaghaise atá ag teastáil agus atá ar fáil le leithdháileadh.

8. Rogha Tithíochta (CBL)

Teaghaisí: Oibríonn an chomhairle Scéim Rogha Tithíochta (CBL) chun teaghlaigh atá cáilithe le haghaidh raon iomlán na dTacaíochtaí Tithíochta Sóisialta atá ar thaifead teaghlaigh cáilithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur ar a gcumas níos mó rogha agus rannpháirtíochta a fheidhmiú agus iad ag roghnú teach nua. Féadfar teaghaisí de chuid Comhlachta Cheadaithe Tithíochta, teaghaisí Ar Léas agus teaghaisí atá faoi úinéireacht na comhairle agus atá á soláthar faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, a leithdháileadh trí CBL. Ach ní thairgfear na teaghaisí go léir den sórt sin atá ar fáil le ligean trí CBL. Go háirithe, ní trí CBL a leithdháilfear aonaid sciath-thithíochta, teaghaisí do dhaoine scothaosta agus teaghaisí a cuireadh in oiriúint go speisialta do chathaoirreacha rothaí.

- 8.1** Nós Imeachta: Beidh an nós imeachta le haghaidh CBL i gcomhréir le Rialacháin 6 go 11 de na Rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta, 2011. Chun críocha CBL, is “teaghlach cáilithe” é teaghlach a mheas an chomhairle faoi alt 20 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 mar theaghlach atá cáilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta. Ní teaghlach cáilithe é teaghlach ar sholáthair Comhlacht Cheadaithe Tithíochta teaghais dó.

Sa chás go n-ainmnítear teaghaisí le haghaidh CBL, déantar fógraíocht faoi theaghaisí

- trí shuíomh gréasáin na Comhairle www.galway.ie
- atá ar taispeáint ag cuntar poiblí na Rannóige Tithíochta de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag Áras an Chontae

Taispeánfar ar an bhfógra mionsonraí amhail:

- i. suíomh na teaghaise
- ii. mionsonraí ar an teaghais maidir le cineál réadmhaoine,

- líon na seomraí leapa, méid, gairdín, páirceáil etc.
- iii. aon srian ar theaghlaigh dá bhféadfar an teaghais a thairiscint (e.g. méid an teaghlaigh)

8.2 Incháilitheacht: Beidh teaghlaigh cáilithe incháilithe má tá an teaghais tairisceana oiriúnach dá méid teaghlaigh agus má fuair an chomhairle tairiscint ón teaghlach roimh don spriocdháta chun tairiscintí a fháil a bheith thart. Ní bhreithneoidh an chomhairle tairiscintí ach iad siúd ó theaghlaigh incháilithe cháilithe de réir 3.8 thuas.

8.3 Neamh-incháilitheacht: Ní bhreithneofar teaghlaigh cháilithe le haghaidh leithdháileadh na teaghaisí tairisceana mura bhfuil tairiscint déanta acu orthu. Ní éireoidh le tairiscintí a dhéanann teaghlaigh atá níos mó ná níos lú ná an méid dár dearadh an teaghais tairisceana. Diúltóidh an chomhairle do thairiscintí freisin ó theaghlaigh cháilithe mura gcomhlíonann an teaghais tairisceana riachtanais chóiríochta an teaghlaigh de réir mar a mheas an chomhairle.

Próiseas Tairisceana: Is féidir le teaghlaigh cháilithe a bhfuil spéis acu agus atá incháilithe an spéis sin a chur in iúl nó tairiscint a dhéanamh ar an dáta deiridh nó roimh an dáta sin ag www.galway.ie

8.4 Próiseas Cinnidh: Déanfaidh an chomhairle gach tairiscint a fhaightear ar an dáta deiridh nó roimhe sin a mheasúnú. Tar éis dhúnadh an timthrialla fógraíochta agus tairisceana, cuirfear gearrliosta teaghlach incháilithe le chéile. Sa ghearrliosta, sainaithneofar ord na dteaghlach trí gach tairiscint incháilithe a chur in ord tosaíochta. Sa chás go bhfaighfear níos mó ná tairiscint amháin ar an teaghais chéanna, rangáítear tairiscintí, agus déantar tairiscint leithdháilte don teaghlach ag a bhfuil tosaíocht níos mó i gcomhréir leis an Scéim Leithdháilte. Deimhneoidh an chomhairle go bhfuil gach teaghlach ar an ngearrliosta incháilithe agus go bhfuil an teaghais oiriúnach do riachtanas cóiríochta an teaghlaigh sin.

Sa chás go ndéanfar amach go bhfuil teaghlach ar an ngearrliosta neamh-incháilithe le haghaidh tairisceana, tabharfaidh an chomhairle neamhaird ar an teaghlach áirithe sin agus leanfaidh sí ar aghaidh leis an gcéad teaghlach eile de réir tosaíochta ar an ngearrliosta.

Ceanglófar ar an teaghlach ar bharr an ghearrliosta dul faoi mheasúnú tithíochta sóisialta eile. Breithneoidh an chomhairle freisin cé acu a bheadh nó nach mbeadh ligean na teaghaise tairisceana leis an teaghlach sin ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastáit sula dtairgfí teaghais tairisceana don teaghlach sin. Má thairgtear an teaghais tairisceana, cuirfear in iúl don teaghlach a n-éireoidh leis le litir.

Maidir leis an teaghlach ar bharr an ghearrliosta dár tairgeadh an teaghais tairisceana, tabharfar 7 lá oibre dó chun cinneadh a dhéanamh cé acu glacadh le tairiscint an leithdháilte nó diúltú di. Mura bhfuil aon fhreagairt ar an tairiscint laistigh de na 7 lá oibre sin, measfar an mhainneachtain sin freagairt a thabhairt a bheith ina diúltú go huathoibríoch. Má dhéanann an teaghlach ar bharr an ghearrliosta cinneadh gan glacadh le tairiscint an leithdháilte nó má theipeann air freagairt ar an tairiscint laistigh de 7 lá oibre, tairgfear an teaghais tairisceana láithreach don chéad teaghlach eile ag a bhfuil tosaíocht ar an ngearrliosta.

8.5 Diúltú CBL: Sa chás go ndiúltaíonn teaghlach do thairiscint réasúnta
An Scéim um Leithdháileadh Leathanach Lena mbeidh éifeacht ó

teaghais tairisceana a leithdháileadh, nó sa chás go meastar gur dhiúltaigh sé tairiscint den sórt sin, ní bheidh an teaghlach sin, ar feadh tréimhse bliana dar tosach dáta an diúltaithe sin, i dteideal iarratas eile a dhéanamh faoi CBL chuig an gcomhairle ar leithdháileadh teaghais tairisceana. Maidir le diúltú ag teaghlach cáilithe do thairiscint leithdháilte teaghaise tairisceana a rinneadh faoi scéim CBL, ní bheidh sé ina dhiúltú faoi alt 7.1 thuas.

- 8.6** Féadfaidh an chomhairle, dá rogha féin, agus ag aon chéim sula leithdháilfear teaghais tairisceana, cinneadh a dhéanamh deireadh a chur le hainmniú na teaghaise sin mar theaghais tairisceana agus gan dul ar aghaidh, nó gan leanúint ar aghaidh, le rogha tithíochta i ndáil leis an teaghais sin.

9. Tosaíochtaí le haghaidh Aistrithe do Thionóntaí Údaráis Áitiúil

- 9.1** Tá taifead ag an gcomhairle ar na teaghlaigh a rinne iarratas ar aistriú chuig teaghais eile. Sa taifead sin, tá liosta aistrithe tionóntaí atá ann, lena n-áirítear tionóntaí teaghaisí ar léas, tionóntaí teaghaisí a cuireadh ar fáil faoin Scéim Cóiríochta Cíos (SCC), agus teaghlaigh cháilithe a bhain leas as an locaíocht Cúnaimh Tithíochta (ICT) agus ar mian leo bogadh go teaghais eile.

- 9.2** Maidir leis na tionóntaí comhairle go léir atá ann, tionóntaí teaghaisí ar léas, lena n-áirítear teaghaisí arna gcur ar fáil faoi SCC agus teaghlaigh cháilithe a bhaineann leas as scéim ÍCT agus atá ina gcónaí laistigh de limistéar feidhme na comhairle, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ionas go gcuirfear ar thaifead na comhairle iad ar theaghlaigh a rinne iarratas ar aistriú chuig teaghais eile.
- 9.3** Tabharfaidh an chomhairle tosaíocht réasúnta do ghrúpaí áirithe iarratasóirí ar aistriú agus tabharfar ord na tosaíochta do na grúpaí sin mar seo a leanas:
- (i) teaghlaigh a bhfuil a gcóiríocht reatha go hábhartha mí-oiriúnach dá riachtanais tithíochta leordhóthanacha;
 - (ii) teaghlaigh a bhfuil gá acu le haistriú mar nach gcomhlíonann a gcóiríocht reatha riachtanais chóiríochta, a eascraíonn as buanlagú fisiceach, céadfach, meabhairshláinte nó intleachta atá ar dhuine den teaghlach;
 - (iii) teaghlaigh a bhfuil gá acu le bogadh ar chúiseanna eisceachtúla leighis nó atruacha;
 - (iv) teaghlaigh a bhfuil a gcóiríocht reatha róphlódaithe laistigh de bhrí alt 63 d'Acht 1966;
 - (v) teaghlaigh a bhaineann tearcúsáid as cóiríocht reatha;
 - (vi) teaghlaigh a bhfuil a gcóiríocht reatha mí-oiriúnach do riachtanais tithíochta leordhóthanach an teaghlaigh in aon phonc ábhartha eile;
 - (vii) teaghlaigh a lorgaíonn socrú ceannaigh incrimintigh a dhéanamh le toiliú ón gcomhairle.
 - (viii) maidir le teaghlaigh arb as an nGaeltacht ó dhúchas iad agus a bhfuil a gcóiríocht reatha lonnaithe taobh amuigh den Ghaeltacht, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chun filleadh ar an nGaeltacht le maireachtáil inti.
- 9.4** Féadfar tosaíocht a thabhairt do thionóntaí SCC agus do thionóntaí ar léas le haistriú ag deireadh na gconarthaí.
- 9.5** Déanfar leithdháiltí ar theaghlaigh ar an liosta aistrithe agus an fhaisnéis ábhartha go léir a thugann an teaghlach chun tacú lena iarratas ar aistriú á cur san áireamh, chomh maith leis an bhfaisnéis ábhartha eile ar fad is eol don Stiúrthóir Seirbhíse, Tithíochta, nó don oifigeach tithíochta cuí-tharmligthe, an dáta ar ar cuireadh isteach an teaghlach ar an liosta aistrithe agus limistéar/limistéir rogha ráite an teaghlaigh, méid an teaghlaigh agus an cineál teaghais atá ag teastáil.
- 9.6** Maidir le teaghlaigh cháilithe a fhaigheann ÍCT agus a dhéanann iarratas le cur ar thaifead teaghlach na comhairle a rinne iarratas ar aistriú chuig teaghais eile, coinneoidh siad an tosaíocht shonrach a bheadh acu dá bhfanfaidís ar thaifid teaghlach cáilithe na comhairle, is é sin le rá, cinnfear a dtosaíocht le haistriú faoi threoir an dáta ar ar cuireadh isteach iad ar thaifead teaghlach cáilithe na comhairle.
- 9.7** Faoi réir 9.4 agus 9.6 thuas, tugtar tosaíocht do theaghlaigh sna catagóirí sin de réir fhad an ama atá an teaghlach ar thaifead na comhairle ar na teaghlaigh sin a chuir isteach ar aistriú chuig teaghais eile lena mbaineann Cuid 22 d'Acht 2009 agus a fuair toiliú ón gcomhairle aistriú den sórt sin a dhéanamh.

9.8 Roimh leithdháileadh teaghaise de bhun iarraidh ar aistriú, forchoimeádann an chomhairle an ceart go gcomhlíonfadh an teaghlach na ceanglais seo a leanas i ndáil lena dtionóntacht atá ann:

- (a) Ní mór don teaghlach, gan teaghlaigh dá ndéantar tagairt faoi 9.4 agus 9.6 thuas, go mbeadh sé ina chónaí sa teaghais, arb í ábhar a chomhaontaithe tionóntachta atá ann, ar feadh dhá bhliain ar a laghad roimh dháta an leithdháilte;
- (b) Ní mór don teaghlach cuntas cíosa soiléir a bheith aige ar feadh tréimhse sé mhí roimh dháta an leithdháilte;
- (c) Ní mór don teaghlach cuntas soiléir táille bruscair agus seirbhíse (más ann) a bheith aige ar dháta an leithdháilte;
- (d) Ní mór go ndéanfaí teaghais an teaghlaigh atá ann a chothabháil ar bhealach atá sásúil don chomhairle;
- (e) Ní mór don teaghlach na coinníollacha go léir ina chomhaontú tionóntachta atá ann a chomhlíonadh;
- (f) Ní mór go gcomhaontódh an teaghlach Foirm Ghéilliúna le haghaidh an Chomhaontaithe Tionóntachta a shíniú maidir leis an réadmhaoin chomhairle roimhe seo.

10 Comharbas ar Thionóntachtaí

10.1 Nuair a fhaigheann tionónta comhairle arb iad an tionónta aonair bás nó nuair nach bhfuil siad in ann fanacht i dteaghais ar chúiseanna nach bhfuil neart acu orthu (mar shampla, cur san ospidéal fadtéarmach nó príosúnacht), d'fhéadfadh duine de theaghlach an tionónta teacht i gcomharbas ar an tionóntacht. Ní mór go ndéanfaí iarratas foirmiúil scríofa ar chomharbas chuig an chomhairle laistigh de dhá mhí ó fuair an tionónta bás nó ó d'imigh siad agus ní mór go gcuirfí fianaise thacaíochta agus faisnéis chun teacht i gcomharbas a chruthú isteach leis an iarratas. Féadfaidh an chomhairle, dá rogha féin, cinneadh a dhéanamh síneadh ama a thabhairt in imthosca speisialta.

10.2 Ní mór go gcuirfidh iarratasóirí aon fhaisnéis bhreise, lena n-áirítear doiciméid agus sonraí eile, ar fáil a fhéadfaidh an chomhairle a iarraidh chun faisnéis a bhaineann lena n-iarratas a fhíorú.

10.3 Ar iarratas rathúil a fháil, déanfaidh an chomhairle measúnú ar an iarratas chun a chinneadh cé acu atá ceart chun teacht i gcomharbas ar an tionóntacht ag an iarratasóir.

10.4. Chun teacht i gcomharbas ar thionóntacht an tionónta éagtha, ní mór d'iarratasóir a bheith in ann an méid seo a leanas a léiriú chun sástacht na comhairle:

- (a) tá cónaí orthu sa teaghais ar feadh tréimhse leanúnach bliana ar a laghad sula bhfuair an tionónta bás nó sular imigh siad, nó ar feadh thréimhse na tionóntachta ar fad, má tá an tionóntacht ann ar feadh tréimhse atá níos lú ná bliain amháin.
- (b) comhlíonann siad na critéir incháilitheachta chun cáiliú do thacaíocht tithíochta sóisialta i gcomhréir le hAlt 20 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 agus leis na Rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta, 2011 arna leasú.

- (c) bhí siad ina n-áititheoir ceadaithe i dteaghlach an tionónta agus áiríodh iad ar Fhoirm Dearbhaithe Cíos a ndáil leis an teaghais ar feadh bliana ar a laghad sula bhfuair an tionónta bás nó sular imigh siad.
- (d) ní raibh siad i mbun iompar frithshóisialta i gcomhréir le téarmaí Bheartas Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le hlompraíocht Fhrithshóisialta.
- (e) ní raibh siad ina gcúis le haon sárúithe ar an gcomhaontú tionóntachta agus iad ina gcónaí sa teaghais a d'fhág go raibh gá le heisiúint litreach rabhaidh chuig an tionónta faoi ailt 7, 8 nó 9 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.

10.5 Ní ghlacfar le hiarratais má bhí an duine a chuireann isteach ar chomharbas ina n-iarthionónta míshásúil de chuid an Údaráis Áitiúil nó de chuid comhlachta ceadaithe tithíochta. Áirítear le hiarthionónta míshásúil iad siúd a rinne damáiste do réadmhaoin, a bhfuil fiachas cíos agus/nó neamhchíos gan fóc leis an gcomhairle acu nó ar foirceannadh a dtionóntacht mar gheall ar shárú ar an gcomhaontú tionóntachta nó a raibh baint acu le gníomhaíochtaí mídhleathacha nó foréigneacha in aon réadmhaoin arna cur ar fáil ag an gcomhairle nó ag comhlacht ceadaithe tithíochta.

10.6 Sa chás go gcomhlíonann níos mó ná duine amháin de theaghlach an tionónta éagtha na critéir incháilitheachta atá leagtha amach in alt 10.4 thuas, féadfaidh an chomhairle comhthionóntacht a dheonú bunaithe ar na himthosca go léir de chuid an teaghlach agus ar an gcomhaontú i measc na ndaoine cáilithe den teaghlach dul i mbun comhthionóntachta. Mura féidir leis na daoine cáilithe den teaghlach comhthionóntacht eatarthu féin a chomhaontú nó cén duine ina measc a bheidh ina dtionónta aonair a chomhaontú, deonóidh an chomhairle an tionóntacht don duine cáilithe is sine den teaghlach.

10.7 Sa chás go bhfuil duine den teaghlach incháilithe teacht i gcomharbas ar thionóntacht ar bhás an iarthionónta agus go bhfuil an teaghais, dar leis an gcomhairle, níos mó ná mar a theastaíonn le réasún le haghaidh a riachtanas cóiríochta leordhóthanach nó gur dearadh nó gur oiriúnaíodh an teaghais do dhuine faoi mhíchumas fisiciúil nach bhfuil cónaí orthu sa teaghais, ní fhéadfaidh an chomhairle an teaghais a leithdháileadh ach leithdháilfidh sí teaghais mhalartach oiriúnach, de réir infhaighteachta, le haghaidh a dtithíochta leordhóthanaí atá lonnaithe chomh gar agus is féidir don teaghais nó i limistéar rogha an duine den teaghlach. D'ainneoin go bhféadfadh na daoine den teaghlach atá fós beo a bheith ina gcónaí i dteaghais áirithe ar feadh blianta fada, lorgóidh an chomhairle sealbh folamh aon teaghaise tearcáitithe a aisghabháil, agus beidh sí i dteideal déanamh amhlaidh, chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr as a stoc tithíochta. Tabharfar tosaíocht don duine den teaghlach le haghaidh leithdháileadh teaghaise méide cuí agus tréimhse ama réasúnach chun bogadh go teaghais mhalartach.

10.8 D'fhéadfadh sé gurbh iomchuí in imthosca eisceachtúla tionóntacht nua a dheonú don duine nach bhfuil ceart dlíthiúil acu chun teacht i gcomharbas tar éis bhás an tionónta aonair. Sa chás go bhfaigheann tionónta aonair bás agus go bhfuil duine eile (nach gcomhlíonann na critéir incháilitheachta chun teacht i gcomharbas ar an tionóntacht) ina gcónaí leis an tionónta dleathach ar feadh na bliana leanúnaí roimh bhás an tionónta chun cúram a thabhairt don tionónta, nó gurb iad caomhnóir dlíthiúil nó feighlí na gcleithiúnach faoi aois de chuid an tionónta éagtha agus gur gá dóibh a bheith ina gcónaí leo

chun an ról sin a chomhlíonadh, féadfaidh an chomhairle, dá lánrogha féin, breithniú a dhéanamh ar thionóntacht a dheonú don duine sin, sa teaghais chéanna nó i dteaghais oiriúnach mhalartach, ar choinníoll nach bhfuil aon impleachtaí diúltacha ag an leithdháileadh ar úsáid mhaith an stoic tithíochta.

- 10.9** Faoi imthosca áirithe agus comharbas á mheas, féadfaidh an chomhairle, mar chuid den iarratas ar chomharbas, a cheangal ar an iarratasóir bogadh go teaghais eile má mheasann sí an teaghais atá ann a bheith rómhór, nó má mheasann sí gur dearadh agus gur oiriúnaíodh do dhuine faoi mhíchumas fisiciúil nach bhfuil cónaí orthu sa teaghais a thuilleadh. Féadfaidh feidhm a bheith aige sin d'ainneoin go bhféadfadh cónaí a bheith ar an iarratasóir sa teaghais ar feadh blianta fada. Tá sé sin riachtanach chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as an stoc tithíochta agus tá sé an-tábhachtach i gceantair ina bhfuil ardéileamh ar thithíocht.
- 10.10** Ní bhreithneofar comharbas ar thionóntacht sa chás go bhfuil an teaghais ainmnithe mar Theaghais do Dhaoine Scothaosta (OPD) agus sa chás nach duine scothaosta cáilithe iad an duine féin a dhéanann an t-iarratas ar chomharbas.
- 10.11** Déanfar scrúdú ar gach iarratas ar chomharbas ar bhonn a fhiúntas féin agus breithneofar iarratais sa chás gur comhlíonadh na coinníollacha thuas.

11. Comharbas in Imthosca Eile

- 11.1** Sna cásanna go bhfágann comhthionónta teaghaise arna cur ar fáil ag an gcomhairle an teaghais agus nach bhfuil cónaí orthu sa teaghais ar feadh tréimhse bliana ar a laghad, ceadóidh an Stiúrthóir Seirbhíse, Tithíochta, tar éis breithniú cuí a dhéanamh ar na himthosca ábhartha go léir atá ar eolas (lena n-áirítear neamhíoc cíosa ag an gcomhthionónta sin), leithdháileadh na teaghaise ar an gcomhthionónta atá fágtha mar thionónta aonair, ar choinníoll (a) nach bhfuil an teaghais tearcáitithe agus (b) go seirbheálann an comhthionónta, a fhanann ina gcónaí sa teaghais, Fógra Fágála ar an gcomhairle chun deireadh a chur leis an gcomhthionóntacht nó go bhfuil Foirm Géilliúna Comhthionóntachta sínithe ag an mbeirt comhthionóntaí.
- 11.2** Sna cásanna go bhfuil tionóntacht teaghaise ann a chuireann an chomhairle ar fáil do thionóntaí atá pósta ach a d'fhorghníomhaigh Gníomhas Idirscartha nó a fuair Foraithe Idirscartha Bhreithiúnaigh, tabharfaidh an Chomhairle aird ar théarmaí Comhaontaithe nó Ordaithe Cúirte den sórt sin, de réir mar a bheidh, sa mhéid go mbaineann sé le stádas na tionóntachta. Sna cásanna go ndearnadh Ordú Coigeartaithe Maoine le hOrdú Cúirte, tabharfaidh an chomhairle éifeacht d'aon Ordú den sórt sin lena n-aistrítear an tionóntacht chuig tionónta aonair, ar choinníoll go dtugtar cóip dhílis dheimhnithe den Ordú Cúirte don chomhairle.
- 11.3** Sna cásanna go bhfágann an tionónta aonair teaghais arna cur ar fáil ag an gcomhairle, agus go bhfuil céile, comhchónaitheoir nó páirtneir sibhialta in áitiú na teaghaise, ceadóidh an Stiúrthóir Seirbhíse, Tithíochta, tar éis breithniú cuí a dhéanamh ar na himthosca ábhartha go léir atá ar eolas, leithdháileadh na teaghaise ar an gcéile nó ar an gcomhchónaitheoir nó ar an bpáirtneir sibhialta (más ann) atá fágtha de chuid an tionónta atá ag fágáil ar choinníoll:

- (a) go bhfuil Foirm Ghéilliúna i ndáil leis an tionóntacht, a bhfuil aturnae cleachtach mar fhinné uirthi, sínithe ag an tionónta agus seachadta chuig an gcomhairle,
- (b) go bhfuil cónaí ar an gcéile, an comhchónaitheoir nó an páirtnéir sibhialta sa teaghais le trí bliana ar a laghad agus go ndearnadh measúnú orthu chun críocha cíosa agus nach iad úinéir aon réadmhaoine nó
- (c) gur fhill an céile, an comhchónaitheoir nó an páirtnéir sibhialta, a d'fhág an teaghais ar feadh tréimhse, ar an teaghais agus go raibh cónaí orthu sa teaghais leis an tionónta dleathach le cead ón gcomhairle ar feadh bliana ar a laghad sular fhág an tionónta an teaghais agus nach iad úinéir aon réadmhaoine, agus
- (d) go gcomhlíonann an céile, an comhchónaitheoir nó an páirtnéir sibhialta atá fágtha na critéir incháilitheachta chun cáiliú do thacaíocht tithíochta sóisialta i gcomhréir le hAlt 20 den Acht agus leis na Rialacháin.

12. Cead chun cónaí mar áititheoir i dteaghaisí Comhairle

12.1 Ceanglaítear an toiliú roimhe seo i scríbhinn ón gcomhairle sa chás gur mian leis an tionónta duine den neasteaghlach a áireamh mar áititheoir ceadaithe. Baineann sé sin le leanaí fásta

12.2 Ceanglaítear an toiliú roimhe seo i scríbhinn ón gcomhairle sa chás gur mian leis an tionónta duine breise a bheith ina gcónaí leo. Breithneofar iarratais ó thionónta ar thoiliú den sórt sin ar bhonn a fhiúntas féin agus beidh measúnú ar na nithe seo a leanas i gceist leo:

- (a) Cúiseanna an iarratasóra leis an iarratas;
- (b) Riachtanais leighis, leasa nó atruacha an iarratasóra;
- (c) Riachtanas an iarratasóra le haghaidh cúram lánaimseartha;
- (d) Toilleadh na teaghaise freastal ar chónaitheoir breise beartaithe, ag féachaint do líon na ndaoine in áitiú dleathach na teaghaise cheana féin leis an tionónta;
- (e) Cumas an chónaitheora breise bheartaithe tithíocht a sholáthar as a n-acmhainní airgeadais féin;
- (f) Taifead an chónaitheora breise bheartaithe roimhe seo, más ann, mar thionónta nó mar chónaitheoir údaráis áitiúil nó comhlachta cheadaithe tithíochta nó mar thionónta SCC.
- (g) Fíorú oiriúnacht an chónaitheora bheartaithe mar áititheoir.

Sa chás gurb é tuairim na Comhairle agus gur deimhin léi nach ndéantar an t-iarratas ar chónaí ach mar iarracht chun cur ar chumas an chónaitheora bheartaithe teacht i gcomharbas ar an tionóntacht, ní dheonófar cead cónaithe.

12.3 Maidir le deonú cead do thionónta chun cónaitheoir breise beartaithe a bheith ina gcónaí leis an tionónta, ní thugtar leis sin ceart uathoibríoch chun teacht i gcomharbas ar an tionóntacht sa teaghais don chónaitheoir breise beartaithe agus ní thugtar aon teideal ar bith ar an gcónaitheoir breise beartaithe i leith aon leasa sa teaghais. A luaithe nach mbeidh an tionóntacht i seilbh an tionónta, trí ghéilleadh, foirceannadh, bás nó ar aon slí eile, ceanglófar ar an gcónaitheoir breise beartaithe an teaghais a fhágáil mura gcinneann an chomhairle go bhfuil feidhm ag Coinníollacha 10 agus/nó 11.

- 12.4 Maidir le deonú ceada don tionónta chun cónaitheoir breise beartaithe a bheith sa teaghais leis an tionónta ionas gur féidir leo aire a thabhairt don tionónta fad a bheidh galar orthu, beidh sé sin faoi réir na comhairle dlíthiúla neamhspleáiche a gheobhaidh an tionónta roimh fhorghníomhú an Chomhaontaithe Cúramóra nó an Chomhaontaithe maidir le Cónaí, de réir mar a bheidh, agus faoi réir cóip shínithe de sin a thugtar don Chomhairle chomh maith le teastas ó Aturnae an tionónta lena ndeimhnítear é sin.
- 12.5 Féadfaidh an chomhairle cead a dheonú chun cónaí mar áititheoir i dteaghais Chomhairle ar feadh tréimhse shonrach ama.

13 Iarratas ar Chomhthionóntacht

- 13.1** Ní mór do thionónta ar mian leo go n-ainmneofaí duine eile mar chomhthionónta iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an gcomhairle. Ní mór go mbeadh Foirm Iarratais ar Chomhthionóntacht comhlánaithe go hiomlán agus sínithe ag an tionónta agus ag an gcomhthionónta beartaithe. Breithneofar Iarratais ar Chomhthionóntachtaí ar bhonn a bhfiúntas féin agus beidh measúnú ar na nithe seo a leanas i gceist leo:
- (a) Cúiseanna an tionónta leis an iarratas;
 - (b) Toilleadh na teaghaise freastal ar an gcomhthionónta beartaithe, ag féachaint do líon na ndaoine in áitiú na teaghaise leis an tionónta;
 - (c) Cumas an chomhthionónta bheartaithe tithíocht a sholáthar as a n-acmhainní airgeadais féin. Ní mór do chomhchónaitheoir beartaithe na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh chun cáiliú don tacaíocht tithíochta sóisialta i gcomhréir le hAlt 20 d'Acht 2009 agus leis na Rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta arna ndéanamh faoi.
 - (d) Oiriúnacht an chomhchónaitheora bheartaithe chun teaghais chomhairle a áitiú agus maidir leis sin, ní mór don chomhchónaitheoir beartaithe gan
 - (i) a bheith i mbun iompar frithshóisialta ar feadh tréimhse leanúnach trí bliana roimh dháta an iarratais.
 - (ii) A bheith ina gcúis le haon sárúithe ar an gcomhaontú tionóntachta agus iad ina gcónaí sa teaghais a d'fhág go raibh gá le heisiúint rabhaidh tionóntachta faoi ailt 7, 8 nó 9 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.
- 13.2** Féadfaidh an chomhairle diúltú d'iarratas ar chomhthionóntacht ar na cúiseanna seo a leanas:
- (a) Cuireadh an comhthionónta beartaithe amach roimhe seo ó theaghais údaráis áitiúil de bharr iompar frithshóisialta nó neamhióc cíosa.
 - (b) Bhí an comhthionónta beartaithe ina gcúis le sárú ar chomhaontú tionóntachta an tionónta agus iad ina gcónaí sa teaghais a d'fhág go raibh gá le heisiúint rabhaidh tionóntachta agus leanadh leis an sárú sin nó athrinneadh é laistigh de 12 mhí ó tháinig an rabhadh tionóntacht i bhfeidhm.
 - (c) Tá cíós nó airgead eile amuigh ag an gcomhairle nó ag aon údarás tithíochta eile nó ag comhlacht ceadaithe tithíochta ar an gcomhthionónta beartaithe.
 - (d) Bheadh teaghais an tionónta ag éirí róphlódaithe.
 - (e) Tá teaghais an tionónta mí-oiriúnach chun freastal ar riachtanais an chomhchónaitheora bheartaithe.
 - (f) D'fhéadfadh tionchar a bheith ar chearta duine eile.

- (g) Níl an comhchónaitheoir beartaithe incháilithe do sholáthar na tacaíochta tithíochta sóisialta.
- (h) Cuireann an tionónta nó an comhthionónta beartaithe faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ar fáil go feasach don chomhairle.

13.3 Iarrfaidh an chomhairle, chun chríocha a feidhmeanna faoi Achtanna na dTithe, 1966 – 2014, faisnéis de bhun alt 15 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 maidir leis an gcomhthionónta beartaithe ó údarás tithíochta eile nó ó chomhlacht ceadaithe tithíochta nó ó chomhalta den Gharda Síochána má mheasann an chomhairle go bhfuil an comhthionónta beartaithe i mbun iompar frithshóisialta nó go bhféadfaidís a bheith ina bun.

14 Bainistíocht Eastáit

De ghrá dea-bhainistíocht eastáit, ceanglófar ar iarratasóir-theaghlach, a mheastar le haghaidh leithdháileadh teaghais arna cur ar fáil ag an gcomhairle, mar réamhchoinníoll dheonú na tionóntachta freastal ar chúrsa réamhthionóntachta agus páirt a ghlacadh ann.

15. An Scéim um Laghdú Méide do Dhaoine Scothaosta

15.1 Maidir le Seanóirí atá 60 bliain d'aois nó os a cionn agus a bhfuil ina n-úinéirí teaghaisí príobháideacha agus a mheasann go bhfuil a dteaghais atá ann rómhór dá riachtanais tithíochta, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chuig an gcomhairle ar chóiríocht tionóntachta seanóra faoin Scéim um Laghdú Méide, faoi réir íoc na ranníocaíochta airgeadais, atá socraithe ag céatadán de ghlanfháltais dhíol a dteaghaise príobháidí. Cuirfidh an chomhairle, ó am go chéile, is cuí léi, líon áirithe teaghaisí nó cion díobh i leataobh a chuirtear ar fáil do leithdháileadh ar dhaoine atá 60 bliain d'aois nó os a cionn a bhfuil a n-iarratas ceadaithe faoin Scéim um Laghdú Méide. Cinntífidh an Stiúrthóir Seirbhíse, Tithíochta an cion de thionóntachtaí le leithdháileadh faoin Scéim um Laghdú Méide do dhaoine scothaosta ó am go chéile.

15.2 Tabharfaidh an chomhairle tosaíocht i leithdháileadh na dteaghaisí sin do dhaoine atá 60 bliain d'aois agus os a cionn atá ceadaithe d'incháilitheacht faoin Scéim um Laghdú Méide.

15.3 Beidh na riachtanais incháilitheachta agus an cion de thionóntachtaí le leithdháileadh faoin scéim um laghdú méide do dhaoine scothaosta de réir an chinnidh a fhéadfaidh an Stiúrthóir Seirbhíse, Tithíochta a dhéanamh ó am go chéile.

15.4 Tá ord na tosaíochta maidir le leithdháileadh faoin scéim um laghdú méide mar seo a leanas:

- (a) Daoine a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht mhí-oiriúnach.
- (b) Daoine a bhfuil tithíocht ag teastáil uathu ar fhorais leighis, atruacha.
- (c) Daoine nach bhfuil in ann, i dtuairim na comhairle, costas cothabhála agus cúraim na cóiríochta a áitíonn siad a sheasamh nó nach bhfuil in ann, ó thaobh airgeadais de, cóiríocht oiriúnach mhalartach a fháil.

15.5 Má chomhlíontar na riachtanais incháilitheachta agus má cheadaíonn an chomhairle éadail theaghais an iarratasóra atá ann, measfaidh an chomhairle

iarratais ar leithdháileadh faoin Scéim um Laghdú Méide. Déanfaidh an Stiúrthóir Seirbhíse, Tithíochta an cinneadh deiridh maidir le leithdháileadh, ag féachaint don fhaisnéis ar fad a thug an t-iarratasóir mar thaca lena n-iarratas chomh maith leis an bhfaisnéis ábhartha eile ar fad is eol don Stiúrthóir Seirbhíse, Tithíochta.

- 15.6** Forchoimeádan an chomhairle an ceart chun leithdháileadh teaghaise a dheonú nó gan í a dheonú faoin Scéim um Laghdú Méide. Tá an cinneadh chun leithdháileadh teaghaise faoin Scéim um Laghdú Méide a dheonú faoi réir dhíol theaghais reatha an iarratasóra cheadaithe, forghníomhú Comhaontaithe Tionóntachta agus íoc na ranníocaíochta airgeadais leis an gcomhairle ar an mbonn seo a leanas:

Aois

Ranníocaíocht Airgeadais

60-69 bliain 1/3 de ghlanfháltais ó dhíol teaghaise
atá 70-79 bliain d'aois 1/4 de ghlanfháltais ó dhíol
teaghaise atá 80 bliain d'aois agus os a cionn 1/5 de
ghlanfháltais ó dhíol teaghaise

(Fágfar íoc aon mhorgáiste ar an réadmhaoin agus táille dlíthiúla agus riaracháin a taobhaíodh maidir le díol na teaghaise atá ann amach as Glanfháltais).

16. Próiseas na nAchomharc

Tá sé de cheart ag iarratasóirí achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí a dhéantar i gcomhréir leis an scéim seo agus ní mór dóibh é sin a dhéanamh i scríbhinn chuig an Rannóg Tithíochta, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh laistigh de 14 lá ó fhógra an chinnidh. Ní mór cinneadh maidir leis an achomharc a chur in iúl don iarratasóir laistigh de mhí amháin ó dháta fháil an achomhairc.

17. Léirmhíniú

Sa Scéim seo, mura gceanglaítear leis an gcomhthéacs ar bhealach eile: -

Áirítear le tagairt d'aon achtú (cé acu atá sé ainmnithe go sonrach nó nach bhfuil) nó d'aon roinn nó foroinn atá inti aon mhodhnuithe reachtúla air, cé acu trí leasú, breis, scrios nó aisghair agus athachtú, le leasú nó gan é de thuras na huaire i bhfeidhm agus na hionstraimí reachtúla, na horduithe, na fógraí, na rialacháin agus na teoracha go léir de thuras na huaire, arna ndéanamh, arna n-eisiúint nó arna dtabhairt faoi nó bailíocht arna baint uaidh.

Is éard atá i gceist le haon tagairt d'alt le huimhir ná tagairt don alt uimhrithe sin mar atá sé sa Scéim seo.

Sa chás go gceadaíonn nó go n-éilíonn an comhthéacs, áirítear leis an bhfirinscne na hinscní baininscneacha agus neodracha agus áirítear leis an uatha an t-íolra.

Tá na ceannteidil ar ailt na Scéime seo ann chun tagairt dó a éascú amháin agus ní úsáidfear iad chun críocha na Scéime seo a fhorléiriú.

Beidh an bhrí chéanna ag **'iompar frithshóisialta'** mar atá in Alt 1(1) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 (arna leasú). Folaíonn sé ceachtar den dá cheann seo a leanas nó iad araon, eadhon

- (a) *druga rialaithe (de réir bhrí na nAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 go 2007) a mhonarú, a tháirgeadh, a ullmhú, a allmhairiú, a onnmhairiú, a dhíol, a sholáthar, a shealbhú lena dhíol nó lena sholáthar, nó a dháileadh,*
- (b) *aon iompar ar cúis é, nó ar dóigh dó a bheith ina chúis, le haon chontúirt, díobháil, damáiste, scaoll, caillteanas nó eagla shuntasach nó leanúnach d'aon duine atá ina chónaí nó ina cónaí, atá ag obair, nó atá i láthair go dleathach ar shlí eile i dteach arna sholáthar ag údarás tithíochta faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 nó ina chomharsanacht nó in eastát tithíochta ina bhfuil an teach suite nó ina chomharsanacht agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, folaíonn sé—*
 - (i) *foréigean, bagairtí, imeaglú, comhéigean, ciapadh nó bac tromaí a dhéanamh ar aon duine,*
 - (ii) *iompar is cúis le haon lagú suntasach nó leanúnach ar úsáid nó ar theachtadh a bhaile féin nó a baile féin ag duine, nó*
 - (iii) *damáiste d'aon mhaoín, lena n-áirítear baile duine, nó aghlot ar mhaoín den sórt sin trí scríobh nó trí mharcanna a chur uirthi.*

Ciallaíonn **'teaghais tairisceana'** teaghais a ainmníodh le haghaidh rogha tithíochta

Ciallaíonn **'rogha tithíochta'** an nós imeachta atá leagtha amach i Rialacháin 6 go 11 de na Rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta, 2011 chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na teaghlaigh aonair a bhreithneofar le haghaidh leithdháileadh teaghaise tairisceana

Ciallaíonn **‘éigeandáil’** éigeandáil a mheasann an Stiúrthóir Seirbhíse, Tithíochta, Seirbhísí Corparáideacha agus Éigeandála nó a oifigeach ainmnithe a bheith amhlaidh agus cinneadh críochnaitheach a bheidh sa chinneadh sin

Forléirítear **‘róphlódú’** i gcomhréir le hAlt 63 d’Acht na dTithe, 1966 ionas go measfar teaghais a bheith róphlódaithe ag am ar bith nuair is amhlaidh atá líon na ndaoine ina gcodladh sa teaghais agus líon na seomraí sa teaghais:-

- (a) go bhfuil ar aon bheirt acu, den ghnéas eile agus nach bhfuil cónaí orthu mar fhear céile agus bean chéile, a bheith ina gcodladh sa seomra céanna, nó
- (b) go bhfuil an t-aerspás saor in aon seomra a úsáidtear mar árasán codlata, d’aon duine, níos lú ná ceithre chéad troigh chiúbachairde an tseomra, má sháraíonn sí ocht dtroithe, a mheastar a bheith ocht dtroithe, chun aerspás saor a ríomh.

Chun líon na seomraí leapa atá ag teastáil a mheas, beidh feidhm ag an tábla seo a leanas:

- féadfar 1 nó 2 theaghais leapa a thairiscint do dhuine aonair nó do lánúin,
- tairgtear 2 theaghais leapa do lánúin nó do thuismitheoir aonair ag a bhfuil leanbh amháin, nó do bheirt daoine fásta nach bhfuil cónaí orthu mar lánúin, e.g. tuismitheoir nó leanbh fásta; nó duine aonair agus cúramóir,
- tairgtear 3 theaghais leapa do lánúin nó do thuismitheoir aonair a bhfuil beirt, triúr nó ceathrar leanaí acu ar an mbonn nach gceanglaítear ar leanaí den ghnéas eile agus ar dhaoine fásta den ghnéas eile nach bhfuil cónaí orthu mar lánúin, seomra leapa a chomhroinnt, nó ar aon triúr daoine fásta sa chás nach bhfuil cónaí ar aon duine acu mar lánúin,
- tairgtear 4 theaghais leapa do theaghlaigh ina bhfuil lánúin nó thuismitheoir aonair a bhfuil ceathrar, cúigear nó seisear leanaí acu ar an mbonn go bhfuil leanaí den ghnéas eile agus ar dhaoine fásta den ghnéas eile nach bhfuil cónaí orthu mar lánúin, nó aon cheathrar daoine fásta sa chás nach bhfuil cónaí ar bheirt acu mar lánúin,
- tairgtear 5+ teaghais leapa do theaghlaigh ina bhfuil lánúin nó tuismitheoir aonair ag a bhfuil seisear leanaí nó níos mó.
- Teaghlaigh scartha. Maidir le teaghlaigh scartha ina bhfuil cónaí ar thuismitheoir amháin i dteaghais an Údaráis Áitiúil, sa chás go bhfuil rochtain ag an dara tuismitheoir ar a leanaí, tá an dara tuismitheoir cáilithe le haghaidh na catagóire leapa teaghlaigh sin lúide seomra leapa amháin. e.g. Tuismitheoir ag a bhfuil rochtain ar leanaí a bhfuil aonad 3 leapa ag teastáil uathu. Má tá rochtain iomlán acu, tá siad cáilithe le haghaidh aonad 3 leapa, Má rochtain chomhroinnte/deireadh seachtaine acu, tá siad cáilithe le haghaidh aonad 2 leapa.
- Comhroinnt seomraí leapa. Ba cheart comhroinnt seomraí leapa idir leanaí fásta comhghnéis agus siblí níos óige dá gcuid a sheachaint nuair is féidir. Anseo atá bearna aoise mhór. e.g. faoi bhun 10 mbliana d’aois agus os cionn 18 mbliana d’aois

Ciallaíonn **‘tionónta SCC’** tionónta teaghaise atá faoi réir scéim cóiríochta cíosa

Ciallaíonn **‘Scéim’** an Scéim Leithdháilte seo.

Ciallaíonn '**Acht 2009**' Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 (Uimh. 22 de 2009)

Tá le **‘tacaíocht tithíochta sóisialta’** an bhrí a shanntar di le halt 19 d’Acht 2009. Tá le **‘mí-oiriúnach’** an bhrí a shanntar dó le halt 66 d’Acht na dTithe, 1966

**ARNA GHLACADH AG CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE AN 20BEALTAINÉ
2024**